

TREOIR LE HIARRATAS A DHÉANAMH MAIDIR LE CLÁR CAIPITIL SPÓIRT 2015



www.sportscapitalprogramme.ie

 <https://www.youtube.com/channel/UCq1kBv-FA7QcFmu8cdrIsTg>

Léigh an treoír seo go hiomlán agus go cúramach le do thoil sara ndéanann tú iarratas ar líne.

Caithfear gach iarratas, ar a n-áirítear doiciméadacht tacaíochta, a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear tríd an bpost nó trí r-phost agus cuirfear ar ais iad.

Muna bhfuil tú cláraithe roimh ré ní mór duit clárú ar an suíomh gréasáin ar dtús agus is gá duit Uimhir Chláraithe Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncam le clárú.

Is é an sprioc-am d'iarratais ná 5pm ar an Aoine 24 Aibreán 2015

Réamhrá

Déanann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Clár Caipitil Spóirt (CCS) a oibriú agus soláthraíonn sí deontais le cabhrú le háiseanna spóirt a fhorbairt nó a athchóiriú agus le trealamh spóirt a sholáthar.

Tá sé mar aidhm ag an gClár cur chuige comhtháite agus pleanáilte a chothú maidir le háiseanna spóirt agus áineasa fhisiciúil a fhorbairt ar fud na tíre. Is iad na sainchuspóirí atá leis ach go háirithe ná:

- Cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí deonacha agus pobail, d'eagraíochtaí rialachais náisiúnta (ERN) spóirt, údaráis áitiúla agus CGOanna agus scoileanna agus áiseanna ar ardchaighdeán, slán, dea-dheartha agus inbhuanaithe a fhorbairt i suíomhanna oiriúnacha agus le trealamh oiriúnach a sholáthar chun cabhrú le huas-rannpháirtíocht i spóirt agus in áineas fhisiciúil.
- Tosaíocht a thabhairt do riachtanais na gceantar atá faoi mhíbhuntáiste maidir le háiseanna spóirt a sholáthar.
- Spreagadh a thabhairt do chomhroinnt áiseanna spóirt áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ag clubanna, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí rialachais náisiúnta spóirt.

Tá deontais ar fáil do chlubanna spóirt¹, grúpaí deonacha agus pobail, coistí náisiúnta rialaithe spóirt agus údarais áitiúla. Ní féidir le coláistí tríú leibhéal, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) cur isteach ar chistíocht ach [i gcomhpháirt](#) le clubanna spóirt.

Spríocdháta

Ní mór gach iarratas a dhéanamh faoi 5pm ar an Aoine 24 Aibreán 2015. Dúnfar an córas ar líne ag an am seo go cruinn agus ní ghlacfar le hiarratais a bhíonn déanach nó neamhiomlán. Mura mbíonn cliceáil déanta agat ar an gcaipéis “Sábháil agus Cuir Isteach” ar an leathanach deireanach den fhoirm iarratais faoin spríoc-am seo ní chuirfear d’iarratas san áireamh. Caithfidh tú do iarratas agus /nó do chlárú a thosnú chomh luath agus is feadar mar b’fhéidir nach mbeadh an Roinn in ann cabhair a thabhairt duit cóngarach don spríoc-am.

Nuair a bhíonn d’iarratas curtha isteach agat moltar go láidir duit cóip den leathanach iarratas ar Dheontas Curtha Isteach a shábháil agus/nó a chló. B’fhéidir go mbeadh an litir seo ag teastáil uait mar fhianaise ar d’iarratas a dhéanamh. Ba chóir duit tosú ar iarratas d’eagraíochta a dhéanamh chomh luath agus is féidir é.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear tríd an bpost nó trí r-phost agus cuirfear ar ais iad.

Cláraigh ar dtús

Ní mór d’aon eagraíocht ar mhian leo iarratas a dhéanamh clárú ar dtús ag www.sportscapitalprogramme.ie. Tá treoir ar leith ar fáil don phróiseas cláraithe ag <http://www.dttas.ie/sites/default/files/corporate/guide-registering-scp-online.pdf>. Tá físeán cruthaithe ag an Roinn ar conas sin a dhéanamh ag <https://www.youtube.com/channel/UCq1kBv-FA7QcFmu8cdrIsTg>

Is é an spríoc-am do chlárú ná 5pm ar an Aoine 10 Aibreán 2015.

Conas iarratas a dhéanamh

Is córas ar líne atá sa Chlár Caipitil Spóirt anois ar a dtugtar OSCAR (Clár Caipitil Spóirt Ar Líne) ag www.sportscapitalprogramme.ie. Is é seo an t-aon bhealach le cur isteach ar dheontas faoin gClár Caipitil Spóirt. Ceadóidh OSCAR do dheontáí freisin féachaint ar dheontais agus íocaíochtaí roimhe seo, sonraí teagmhála a athrú, íocaíocht a lorg ar dheontas agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn.

Le hiarratas a dhéanamh téigh chuig www.sportscapitalprogramme.ie agus logáil isteach ag úsáid na huimhreach cláraithe cánach agus an pasfhocal a úsáideadh ag céim an chláraithe. A luaithe agus a bhíonn tú logáilte isteach tabharfar chuig leathanach na “Scéimeanna” tú. Má bhíonn babhta den Chlár Caipitil Spóirt oscailt d’iarratais beidh sé liostáilte agus is féidir leat cliceáil ar “Cruthaigh iarratas” le tús a chur leis an bpróiseas iarratais.

¹ Tá liosta iomlán de na Coistí Náisiúnta Rialaithe spóirt atá aitheanta ag An Chomhairle Spóirt áirithe mar threoir in aguisín 1.

Tabharfaidh an draoi iarratais treoir duit tríd an bpróiseas iarratais agus is féidir leat do shaothar a shábháil agus a athbhreithniú de réir mar a líonann tú an fhoirm. Toisc go ndéanfaidh an córas logáil amach ort tar éis tamaill díomhaointis tá sé tábhachtach go ndéanfá an d'iarratas a shábháil de réir mar a bhíonn tú ag dul ar aghaidh, ag úsáid an cnaipe “Sábháil Dréacht agus Dún” ag bun gach leathanaigh. Is féidir leat filleadh air ar ball nuair a bhíonn níos mó eolais nó doiciméid leictreonacha réidh agat le huaslódáil.

Tá réimsí áirithe ar an leathanach éigeantach. Má dhéanann tú iarracht ar dhul ar aghaidh gan na réimsí seo a líonadh tiocfaidh réiltín dearg in aice le gach réimse éigeantach. Cuir do luch os cionn an réiltín le sonraí a fháil ar a bhfuil le soláthar.

Cá háit is féidir leat comhairle a fháil ar conas iarratas a dhéanamh?

Ní chuireann an Roinn aon seimineár ar siúl ar conas iarratas a dhéanamh ná ní dhéanann sí a leithéid a cheadú.

Le comhairle a fháil ar conas iarratas a dhéanamh:

- léigh an treoir seo
- féach ar ár bhfíseán YouTube ar conas nithe a dhéanamh <https://www.youtube.com/channel/UCq1kBv-FA7QcFmu8cdrlsTg>
- féach ar an mBunachar Eolais ar www.sportscapitalprogramme.ie
- cuir glao teileafóin ar an Roinn – féach <http://www.dttas.ie/sport/english/sport-unit-1-sports-capital-programmes-division> d’uimhir an té atá ag déileáil le do chontae
- cuir r-phost chuig SportsCapitalProgrammes@dtas.ie
- is féidir leat íoslódáil a dhéanamh ar fhoirm samplach iarratais bhán ag <http://www.dttas.ie/sport/english/sport-unit-1-sports-capital-programmes-division> (níl anseo ach foirm shamplach agus caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an gcóras ar líne OSCAR)

Nithe teicniúla

Ní thabharfaidh an draoi iarratais tú ach go dtí na leathanaigh is gá duit a líonadh. Mar shampla, ní bheidh ort ach eolas a sholáthar ar leathanach 3 má thug tú le fios ar leathanach 2 go bhfuil do thionscadal suite i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste.

Fóin chliste agus ríomhairí táibléid

Níl an córas OSCAR oiriúnach le húsáid ar ríomhairí táibléid ná ar fhóin chliste

Microsoft Silverlight

Beidh ort suiteáil a dhéanamh ar Microsoft Silverlight ar do ríomhaire

<http://www.microsoft.com/silverlight/>.

Má bhíonn Google Chrome in úsáid agat agus go bhfaigheann tú teachtaireacht earráide “Tá do chead ag teastáil d’fheidhmiú silverlight” beidh deilbhín ar thaobh na láimhe deise den bharr seoltaí le “x” dearg air. Clliceáil ar an “x” seo agus ansin “Ceadaigh breiseáin i gcónaí ar www.sportscapitalprogramme.ie agus clliceáil ar “Déanta”.

Ríomhairí Apple

Má tá ríomhaire Apple in úsáid agat ní mór duit córas oibriúcháin Mountain Lion (10.8) nó níos déanaí agus brabhsálaí gréasáin Mozilla Firefox <http://www.mozilla.org/en-US/firefox/new/> a úsáid.

Uaslódáil doiciméadachta tacaíochta

Tabharfaidh córas OSCAR treoir duit maidir le huaslódáil a dhéanamh ar dhoiciméid áirithe ag céimeanna áirithe den phróiseas iarratais, ach caithfidh tú deimhin a dhéanamh de go ndéanann tú uaslódáil ar gach doiciméad a bhíonn ag teastáil/ceart don iarratas agat.

Moltar duit cóip a dhéanamh de na doiciméid/comhaid ba mhaith leat a sholáthar mar thacaíocht leis an iarratas agat ó ghléasanna stórála seachtracha mar thiomántóirí USB le tiomántán crua do ríomhaire sara ndéanann tú uaslódáil chuig OSCAR. Moltar duit freisin go mbaineann tú aon chomhad comhbhrúite nó “zipeáilte” sara ndéanann tú uaslódáil chuig OSCAR.

Uaslóidáil doiciméad il-leathanach mar uaslóid amhain seachas uaslóid scartha do gach leathanach le do thoil.

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí iad seo a leanas faoi deara:

- Is sna formáidí seo a leanas amháin atá uaslódáil le déanamh ar na doiciméid: PDF, GIF, JPG, JPEG, TIF, TIFF, BMP, PSD agus PSPIMAGE (ní féidir doiciméid i word ná comhaid eile ineagarthóireachta a úsáid).
- Diúltóidh an córas do chomhaid leictreonacha a bhíonn cosanta ag pasfhocal nó a bhfuil srianta slándála eile ag baint leo
- Bí cinnte go ndéanann tú aon chomhad leictreonach ar do ríomhaire a dhúnadh sara ndéanann tú iad a uaslódáil le do Chlárú nó d'Iarratas
- Is é uasmhéid chomhaid d'uaslódáil aon doiciméid amháin ná 2 meigibheart
- Níor chóir ach carachtair alfa-uimhriúla a bheith ar ainmneacha na gcomhad .i. a - z, A - Z agus 0 go 9. Ní cheadaítear spásanna ná carachtair eile.
- Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go ndéanann tú na doiciméid chearta a uaslóidáil.
-

Má theipeann ort déanamh de réir na rialacha seo ní ghlacfaidh an córas le do dhoiciméid.

Gaistí coitianta

Gach bliain bíonn cúpla céad iarratas neamhbhailí toisc nach gcloíonn siad leis na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha síos sa treoir seo. Seo thíos roinnt de na gaistí is coitianta ar chóir duit iad a sheachaint:

1. **Gan Teideal/Rochtain ar do thalamh - teimpléid teidil/rochtana (aguisín 5 agus 6 den treoir seo) a sholáthar, gan iad a bheith sínithe, gan dáta a bheith orthu nó gan iad a bheith líonta go hiomlán**
2. **Cead Pleanála – gan teimpléad a sholáthar, neamhchríochnaithe nó gan a bheith sínithe (aguisín 3)**
3. **Do Chistiú Féin – gan tairiscint ar iasacht nó ráitis bhainc a sholáthar nó iad a sholáthar gan ainm an iarratasóra**

4. **Na doiciméid mhíchearta a uaslódáil – nó uaslódáil déanta ar an doiciméad céanna arís agus arís eile**
5. **Gan iarratas a bheith tosaithe in am – le heagraíochtaí nach dtosaíonn a n-iarratas go luath bíonn an baol ann go mbeidh deacrachtaí teicniúla nó eile ann nach féidir a réiteach roimh an spriocdháta.**

Teagmháil leis an Roinn

Ní dhéanfaimid d'iarratas a phlé, nuair a chuirtear isteach é, leat féin nó le haon duine thar do cheann ar an teileafón, trí r-phost nó aghaidh ar aghaidh go dtí go bhfógraítear na leithdháiltí.

Neamhchomhlíonadh théarmaí agus choinníollacha an Chláir

Glactar an-dáiríre leis má chuirtear eolas bréige nó míthreorach chuig an Roinn ag staid ar bith. Is féidir go mbeadh aon eagraíocht nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha an Chláir Caipitil Spóirt faoi réir chigireachta, le haistarraingt á dhéanamh ar a ndeontas, agus go mbeadh orthu aisíoc a dhéanamh ar iomlán nó ar chuid den deontas agus/nó go mbeadh cosc orthu ar iarratas a dhéanamh ar feadh tréimhse.

Cuirfear gach sárú dáiríre ar théarmaí agus coinníollacha an Chláir in iúl don Garda Síochána.

Achoimre ar na doiciméid atá ag teastáil

Tá sonraí iomlána ar na doiciméid atá de dhíth leagtha síos sa rannán sin den treoir maidir leis an gcuid ábhartha den fhoirm iarratais. Seo thíos seicliosta achoimrithe ar a mbeidh ag teastáil uait. **Ní chuirfidh an Roinn aon doiciméad tacaíochta eile san áireamh.**

Doiciméad	Éigeantach?
Deimhniú ar stádas RAPID nó Réimse CLÁR	Éigeantach do gach iarratas ó réimse ainmnithe RAPID agus CLÁR
Deimhniú ar stádas Náisiúnta/Réigiúnach	Éigeantach do gach iarratas neamháitiúil
Luachan/meastachán ar chostas do thionscadail	Éigeantach do gach iarratas
Cruthú ar do chistiú féin	Éigeantach do gach iarratas
Fianaise ar Chead Pleanála/Iarratas ar Phleanáil nó Fianaise nach bhfuil gá le cead pleanála	Éigeantach do gach iarratas caipitil (neamh-threalaimh)
Socruithe faoi Cheadúnas idir ghruapaí mar Fhianaise ar	Éigeantach do gach iarratas scoile, Bord Oideachais agus Oiliúna agus choláiste tríú leibhéal agus do

chomhroinnt áiseanna	chlubanna/ grúpaí ar mhian leo iarratas a dhéanamh i dteannta a chéile
Fianaise ar Úinéireacht an láithreáin	Éigeantach do gach iarratas ar oibreacha caipitiúla mar a mbíonn teideal inmhuirir ag eagraíochtaí ar a dtalamh
Fianaise ar Rochtain ar an Láthair	Éigeantach do gach iarratas ar oibreacha caipitiúla nuair nach mbíonn teideal ag eagraíocht ar a talamh. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar uasmhéid de €25,000 d'oibreacha caipitiúla.

Teimpléid

Tá an Roinn tar éis teimpléid a sholáthar a chaithear a úsáid le heolas áirithe a sholáthar. Tá siad seo go léir leagtha síos in agusíní leis an treoir seo nó is féidir íoslódáil a dhéanamh orthu freisin ón leathanach den fhoirm iarratais ar líne mar a bhfuil gá leis an teimpléad. Ba chóir don duine iomchuí iad seo a líonadh, a shíniú, a scanadh agus a uaslódáil mar chuid den iarratas agat. Ní mór do na teimpléid a bheith dátaithe laistigh de thrí mhí ó spriocdháta an iarratais.

Caithfear gach rannán de na teimpléid a líonadh agus níor chóir an téacs atá ann a leasú ná a mhaolú ar bhealach ar bith. Le nathanna mar “gan dochar” a chur isteach is féidir go mbeadh iarratas neamhbhailí.

Comhiarratas a dhéanamh

Tugtar marcanna breise ar an gcéim mheasúnaithe do chomhiarratais. Is féidir go ndéanfaí comhiarratas idir 2 chlub spóirt nó níos mó nó grúpaí pobail. Ní féidir le coláistí tríú leibhéal, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) cur isteach ar chistíocht ach i gcomhpháirt le clubanna spóirt. Ní mór do gach eagraíocht a bhíonn i gceist a bheith cláraithe ar OSCAR.

Ní mór don eagraíocht ar leo an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR. Cuirtear sonraí (ainm agus uimhir chláráithe cánach) na n-eagraíochtaí a bhíonn á gcur leis na hiarratais isteach le linn an phróisis iarratais. Féach ar an rannán thíos ar chomhiarratais le tuilleadh eolais a fháil.

Má bhíonn comhiarratas á dhéanamh agat le heagraíocht eile ní féidir leat iarratas scartha a dhéanamh faoi d'ainm féin, munar Údarás Áitiúil, Coiste Náisiúnta Rialaithe nó Bord Oideachais agus Oiliúna tú.

Níos mó ná aon iarratas amháin a dhéanamh

Ní féidir ach le hÚdarás Áitiúla, Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt agus Boird Oideachais agus Oiliúna níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh faoi gach babhta den CCS.

AN PRÓISEAS IARRATAIS LEATHANACH AR LEATHANACH

Leathanach 1 de 14: Iarratas nua ar dheontas

Déan seiceáil go bhfuil sonraí na heagraíochta a soláthraíodh sa chlárú ceart agus deimhnigh go bhfuil an treoir seo léite agat.

Tá gach réimse éigeantach ar an leathanach seo.

Leathanach 2 de 14: Cá mbeidh an saoráid atá molta suite?

Achoimre

Ar an leathanach seo soláthraíonn tú achoimre ghearr (800 carachtar ar a n-áirítear spásanna agus poncaíocht) ar an iarratas atá á dhéanamh agat. Ba chóir go ndéanfaidh an achoimre cur síos ar do thionscadal agus conas a mhéadóidh na saoráidí nó an trealamh nua seo líon na rannpháirtithe gníomhacha i do spórt nó conas a chuirfear feabhas ar fheidhmíocht. Ba chóir go mbeadh aon sprioc sonrath, intomhaiste agus réalaióch.

Ba chóir d'Údarás Áitiúla, BOOanna nó Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt úsáid a bhaint as na focail tosaigh den achoimre le tionscadal áirithe a aithint go háirithe má bhíonn níos mó ná iarratas amháin á dhéanamh acu.

Ní dhéanfaimid cistiú ach ar thionscadail a bhaineann le spórt. Chun a dhearbhu go bhfuil tionscadal bainteach le spórt baintear leas as an sainmhíniú ar spórt a úsáideann Comhairle Spóirt na hÉireann:

“Ciallaíonn spórt gach cineál gníomhaíochta fisiciúil atá dírithe, trí rannpháirtíocht eagraithe, ar chorpacmhainne a léiriú nó a fheabhsú agus ar thorthaí feabhsaithe a bhaint amach i gcomórtais ar gach leibhéal. Ciallaíonn spórt áineasa gach cineál gníomhaíochta fisiciúil atá dírithe, trí rannpháirtíocht ócáideach nó rialta, ar chorpacmhainne a léiriú nó a fheabhsú agus ar fholláine intinne agus ar chaidreamh sóisialta a chruthú”.

Limistéir atá faoi mhíbhuntáiste

Ní mór duit sinn a chur ar an eolas má bhíonn nó mura mbíonn an tionscadal i limistéar atá faoi mhíbhuntáiste. Roghnaigh ceann acu seo le do thoil “Níl”, “CLÁR” nó “RAPID”. Is iad is ceantair atá faoi mhíbhuntáiste ná na ceantair atá sonraithe ag an Rialtas do thacaíocht ar leith trí Chláir RAPID agus CLÁR. Tá siad seo go léir á mbainistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tionscadail náisiúnta/réigiúnacha

Má bhíonn saoráid náisiúnta nó réigiúnach á bheartú agat ní mór duit litir thacaíochta a áireamh ó Choiste Náisiúnta Rialaithe Spóirt amháin ar a laghad.

Áirítear ar thionscadail Réigiúnacha nó Náisiúnta (uasmhéid deontais de €200,000):

- ionaid barr feabhais náisiúnta do sport amháin nó níos mó (m.sh., an t-ionad náisiúnta rámhaíochta, an staidiam náisiúnta dornálaíochta)

- raonta reatha sintéiseacha 6-8 lána,
- saoráidí foirne rugbaí chúigeach,
- Ionaid traenála réigiúnacha chlubanna sacair Shraith na hÉireann agus FAI,
- Tailte contae agus ionaid barr feabhais an CLG,
- Tionscadail Údaráis Áitiúil ag lorg idir €150,000 agus €200,000,
- Coláistí 3ú Leibhéal agus
- Iarratais caipitil ó Choistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt. Ní féidir le CNR iarratas fearas spóirt a sholáthar i Clár Caipitil Spóirt 2015 mar bhí chistiú fiúntach le haghaidh fearas spóirt le deanaí.

Mura bhfuil tú cinnte cibé an bhfuil do thionscadal náisiúnta/réigiúnach déan teagmháil leis an Roinn le do thoil d'fhonn comhairle a fháil.

Iarratais ón nGaeltacht

Níor ghá go ndéanfaí iarratas ó cheantar Gaeltachta trí Ghaeilge. D'fhonn tuilleadh eolais ar fháil ar cheantair Ghaeltachta féach le do thoil ar <http://ahg.gov.ie/> nó déan teagmháil le rannóg na Gaeltachta sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta fón: 091 503700.

Domhanleithead agus domhanfhad

Is féidir go mbeadh gá ag an Roinn sa todhchaí le mapa de gach saoráid spóirt ar fud na tíre agus tá domhanleithead agus domhanfhad á bhailiú againn (comhordanáidí GPS). Is féidir leat na comhordanáidí GPS do láthair na saoráide atá beartaithe agat a aimsiú trí úsáid a bhaint as gléas GPS (ar a n-áirítear fóin phóca áirithe) nó ar líne ag úsáid google maps <http://maps.google.ie/>. Bíodh sé soiléir go bhfuil úsáid á bhaint agat as céimeanna, nóiméid agus soicind nó pointí deachúlacha.

Is iad na réimsí éigeantacha ar an leathanach seo ná: Achoimre tionscadail, suite i limistéar atá sonraithe mar limistéar atá faoi mhíbhuntáiste, an chéad líne den seoladh agus contae.

Leathanach 3 de 14: Déan uaslódáil ar dhoiciméad CLÁR/RAPID nó ar dheimhniú stádais Náisiúnta/Réigiúnach (ná bac leis mura bhfuil do thionscadal i gceantar RAPID nó CLÁR nó murar thionscadal Náisiúnta/Réigiúnach é).

Má thug tú le fios, ar leathanach 2, go raibh do thionscadal i limistéar CLÁR nó RAPID nó má bhaineann d'iarratas le tionscadal náisiúnta/réigiúnach caithfidh tú uaslódáil a dhéanamh ar fhianaise faoi mar atá leagtha amach thíos. Clliceáil ar dtús ar an gcnaipe "add", ansin ní mór duit ainm an doiciméid a líonadh isteach; déan brabhsáil ar do ríomhaire agus roghnaigh an doiciméad ceart, líon isteach ainm an cheantair agus clliceáil ar "Add" agus sa deireadh ar "Save agus Next".

Ní mór ceann acu seo a leanas a bheith i gceist leis an bhfianaise:

CLÁR	Litir ó rannán Chlár na dTogthóirí de d'Údarás Áitiúil ag dearbhú go bhfuil do láithreán i limistéar CLÁR agus a áiríonn ainm agus uimhir Thoghroinn (TR) do láithreáin. Tá liosta de TRanna CLÁR ar fáil ag http://www.dttas.ie/sites/default/files/publications/sport/english/list-designated-cl%C3%A1r-areas/allcountiesbyedextendedclar1.pdf
RAPID	Litir ó d'Údarás Áitiúil á dheimhniú go bhfuil do thionscadal suite nó ag freastal ar limistéar RAPID. Caithfidh an litir ainm d'eagraíochta agus ainm an limistéir RAPID a áireamh agus caithfidh sí a bheith dátaithe laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais.
Náisiúnta/Réigiúnach	Litir thacaíochta ó do Choiste Náisiúnta Rialaithe á dheimhniú go bhfuil tábhacht Náisiúnta/Réigiúnach le do thionscadal (féach thuas le sonraí a fháil ar cad é tionscadal náisiúnta/réigiúnach)

Tá sé éigeantach go ndéanfaí fianaise ar stádas faoi mhíbhuntáiste a sholáthar má thug tú le fios go raibh do thionscadal i limistéar faoi mhíbhuntáiste. Má theipeann ort a leithéid a dhéanamh is féidir go mbeadh d'iarratas neamhbháilí.

Leathanach 4 de 14: Sonraí maidir leis an tionscadal atá molta agus ar chostais

Ar an leathanach seo leagann tú amach na páirteanna éagsúla a bhaineann le do thionscadal agus costas agus tosaíocht gach páirt acu. Déanann tú suimiú ar gach eilimint den tionscadal trí chliceáil ar an gcnaipe "ADD". Is féidir leat a dtosaíocht a athchóiriú ina dhiaidh sin.

Toisc go bhfuil an cistiúchán teoranta, tá sé riachtanach go ndéanann tú dianscaoileadh ar pháirteanna éagsúla do thionscadail agus ar chostas gach páirte acu chomh mór agus is féidir é. Má theipeann ort dianscaoileadh imleor a dhéanamh ar chostas do thionscadail is féidir go mbeadh sé deacair aon chistiú a leithdháileadh air.

Mar shampla má bhíonn athdhromchlú ar chúirt leadóige, claí a chur timpeall ar an gcúirt agus tuilsoilsiú a dhéanamh ar an áit áirithe i do thionscadal, ba chóir duit praghas a áireamh do gach eilimint ar leith san iarratas agat agus a thabhairt le fios cén tosaíocht a bhaineann le gach eilimint acu. Mura ndéanann tú ach costas foriomlán amháin a sholáthar agus nach mbíonn go leor airgid ann le cistiú a dhéanamh ar gach ceann de na 3 eilimintí is féidir nach mbeadh aon chistiú ar fáil duit. Má sholáthraíonn tú costais ar leith do gach eilimint, is féidir go bhféadfaí cistiú a dhéanamh ar roinnt eilimintí den tionscadal.

Seo thíos liosta de nithe nach dtugtar cistiú orthu. Níl iontu seo ach samplaí agus ní chlúdaíonn siad gach féidearthacht.

Déanaimid cistiú ar:

- Páirceanna imeartha, raonta agus cúirteanna féir nádúrtha (ar a n-áirítear draenáil pháirce)
- Tuilsoilsiú
- Páirceanna imeartha, raonta, cúirteanna agus achair chluichí ilúsáide saorga

- Fálú slándála, líontán le liathróidí a stop agus cuailí
- Ballaí iomána / pinniúir
- Tógáil nó athchóiriú sheomraí feistis, seomraí cithfholctha agus leithris
- Tógáil nó athchóiriú hallaí spóirt agus hallaí gleacaíochta
- Trealamh neamhphearsanta spóirt ar a n-áirítear lomairí faiche agus dífhibrileoirí. Ní cheaptar gur trealamh atá i gceist le haon ní a chuirtear sa talamh (mar chuaillí).
- Aon tionscadal caipitil eile ar léir nádúr spóirt a bheith ag baint leo agus a mhéadóidh rannpháirtíocht i spórt nó a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht (féach sainmhíniú thuas).

Tá liosta níos cuimsithí ar na nithe a ndéanaimid cistiú orthu ar fáil sa liosta anuas ar an leathanach seo den fhoirm iarratais. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhír nach bhfuil clúdaithe ar an liosta seo déan teagmháil leis an Roinn le do thoil d'fhonn comhairle a fháil.

Ní thugaimid cistiú ar:

- Oibríochtaí príobháideacha agus tráchtála (féach nótaí thíos)
- Costais oibríochta
- Seastáin fhéachana
- Carrchlóis, bóithre nó tírdhreachadh
- Tithe Tabhairne, cistiní, lóistín, oifigí nó cuid den tionscadal nach bhfuil baint mór le spóirt ann
- Tionscadail (nó eilimintí de thionscadail) a bhfuil obair tosaithe orthu cheana féin nó mar a bhfuil conarthaí sínithe cheana féin
- Linnte snámha a thógáil nó a athchóiriú
- Gnáthchothabháil (ar a n-áirítear athdhromchlú pháirceanna saorga cistithe ag an CCS le 10 mbliana anuas)
- Iarratais ó scoileanna BOOanna agus coláistí tríú leibhéal nár déanadh i gcomhpháirt le club spóirt amháin ar a laghad (féach rannán scartha ar iarratais ó scoileanna, BOOanna agus coláistí tríú leibhéal ar leathanach 9)
- Aisíoc iasachtaí (scéim faoisimh cánach ar leith do thabhartais do chlubanna spóirt ar féidir í a úsáid le cistiú a dhéanamh ar aisíoc iasachtaí féach www.revenue.ie)
- Ceannach talún nó foirgnimh (scéim faoisimh cánach ar leith do thabhartais do chlubanna spóirt ar féidir í a úsáid le cistiú a dhéanamh ar thalamh a cheannach féach www.revenue.ie)

Féachfar ar chistiú a dhéanamh ar eilimintí incháilithe d'iarratas fiú mura mbíonn eilimintí eile den tionscadal incháilithe.

Tá sé éigeantach go gcuirfí eilimint amháin de do thionscadal ar an leathanach seo.

Oibríochtaí príobháideacha/tráchtála

Tá cistiú CCS dírithe ar sport an phobail mar ar féidir leis an líon is mó daoine a bheith rannpháirteach. Is féidir leis an Roinn cinneadh a dhéanamh nach mbíonn aon eagraíocht a chuireann srianta le ballraíocht nó le húsáid mar eagraíocht phríobháideach incháilithe do chistiú CCS.

Agus measúnú á dhéanamh cibé an mbíonn iarratas tráchtála i gceist féachtar ar an struchtúr táillí, in éineacht le freagraí agus na ceisteanna atá ar leathanach 13 den fhoirm iarratais: cad iad na grúpaí a úsáidfí an saoráid? agus conas atá sé ar intinn grúpaí agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste a spreagadh leis an saoráid atá beartaithe a úsáid? Ní léiríú ann féin é táille a ghearradh ar úsáid saoráide gur eagraíocht tráchtála a bhíonn i gceist ach níor chóir go mbeadh na táillí as cuimse.

Má tá tú in amhras go bhféachfaí ar d'iarratas mar iarratas príobháideach nó tráchtála déan teagmháil leis an Roinn le do thoil d'fhonn comhairle a fháil. Tá an dualgas ar an iarratasóir an Roinn a shású maidir leis seo.

Leathanach 5 de 14: Doiciméad an mheastacháin

Ní mór uaslódáil a dhéanamh ar mheastachán amháin ar a laghad nó meastachán réamh-thairisceana a bhíonn ullmhaithe go gairmiúil maidir le gach gné de na hoibreacha a bhfuil iarratas á ndéanamh dóibh. Is féidir go mbeadh doiciméad amháin nó níos mó i gceist anseo ach caithfear gach rud a bhfuiltear ag déanamh iarratais air a chlúdach agus a bheith dátaithe laistigh de 12 mí de spriocdháta an iarratais. Tá na cineálacha doiciméad seo a leanas inghlactha mar mheastacháin:

1. Meastachán ullmhaithe ag do mhaoirseoir teicniúil (innealtóir, suirbhéir cainníochta nó ailtire de ghnáth). Caithfidh sonraí a bheith sa mheastachán ar cé rinne é a sholáthar agus cad iad a gcáilíochtaí ábhartha.
2. Meastachán ó chonraitheoir/soláthróir ar a n-áirítear sonraí ar cé atá ag soláthar an mheastacháin
3. Asbhaint as catalóg/suíomh gréasáin (do threalamh amháin) agus caithfear a léiriú cá bhfuarthas an meastachán

Tá sé éigeantach go mbeadh meastachán amháin ar a laghad leis an leathanach seo.

Leathanach 6 de 14: Fianaise ar do chistiúchán féin

Bain úsáid as an leathanach seo leis an Roinn a chur ar an eolas maidir le cé mhéid cistiúcháin atá á lorg agat agus tabhair sonraí ar an gcistiú agat féin atá le caitheamh ar an tionscadal.

Cé mhéid is ceart a bheith san iarratas

Is é uasmhéid an deontais atá ar fáil do thionscadail chlub/eagraíocht áitiúil ná €150,000. Níl sé beartaithe an méid sin a leithdháileadh ach i gcúinsí eisceachtúla. Is é uasmhéid an deontais atá ar fáil do thionscadail náisiúnta/réigiúnacha ná €200,000 (féach leathanach 7 le sonraí a fháil ar a bhfuil i gceist le tionscadail náisiúnta agus réigiúnacha).

Agus measúnú á dhéanamh ar d'iarratas, féachtar cibé acu an bhfuil do thionscadal réalaíoch i dtéarmaí scála, costais agus an chúnaimh deontais a lorgaíodh.

Do chistiúchán féin

Ní mór duit íosmhéid ranníocaíochta a dhéanamh i dtreo chostas iomlán do thionscadail. Is féidir seo a bheith i bhfoirm iasachta nó coigealtais. Agus measúnú á dhéanamh againn ar iarratais, tugaimid ardmharcanna d'eagraíochtaí a léiríonn gur féidir leo leibhéal níos airde dá gcistiúchán féin a sholáthar. Ba chóir duit mar sin, an oiread cistiúcháin agus is féidir leat a chur i dtreo do thionscadail.

Má déanadh deontas a leithdháileadh ar do thionscadal cheana féin ó fhoinsé eile Státchistithe, caithfidh tú ar a laghad 5% de chostas iomlán an tionscadail a sholáthar as do chuid airgid féin.

Braitheann íosleibhéal an 'fhéinchistiúcháin' a chaithfidh tú a sholáthar ar cibé an ndéanfar rangú ar an saoráid atá beartaithe agat mar shaoráid áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus cibé acu an mbeidh sé suite i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste (féach leathanach 6 chun tuilleadh eolais a fháil faoi cheantair atá faoi mhíbhuntáiste).

Cineál Ceantair	Íosmhéid do chistiúcháin féin ¹
Ceantar tionscadail áitiúil nach bhfuil faoi mhíbhuntáiste	15% de chostas iomlán an tionscadail
CLÁR (ceantar tuaithe atá faoi mhíbhuntáiste) ²	10% de chostas iomlán an tionscadail
RAPID (ceantar uirbeach faoi mhíbhuntáiste) ²	5% de chostas iomlán an tionscadail
NGB réigiúnach nó náisiúnta ³	5% de chostas iomlán an tionscadail

1: Tabhair faoi deara gur íosleibhéil d'fhéinchistiú atá iontu seo. Tabharfar marcanna breise sa mheasúnú do thionscadail le leibhéil níos airde d'fhéinchistiú agus bainfear marcanna más iasacht a bhíonn i gceist le níos mó ná 80% den fhéinchistiú.

2: Le tuilleadh eolais a fháil ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste téigh chuig <http://www.environ.ie/en/Community/>

3: Tionscadail Réigiúnacha nó Náisiúnta (uasmhéid deontais de €200,000) féach leathanach 7 le níos mó sonraí a fháil ar cad a thuigtear le tionscadal réigiúnach/náisiúnta. **Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis seo déan teagmháil leis an Roinn le do thoil.**

Is iad na réimsí éigeantacha ar an leathanach seo ná: “méid na n-iasachtaí” (cuir isteach €0 mura bhfuil iasacht á fháil agat don tionscadal), “méid atá á lorg” agus “méid iomlán an fhéinchistithe atá ar fáil (i dtreo an tionscadail seo)”.

Leathanach 7 de 14: Fianaise ar do chistiúchán féin

Caithfidh tú fianaise ar do chistiúchán féin a uaslódáil i gceann amháin nó níos mó de na formáidí thíos (ní ghlacfar le haon chineál eile fianaise ar do chistiúchán féin, mar litreacha ó CNR nó ó bhronntóirí, rótharraingt, cóipeanna de chuntais chlub nó le meastacháin ar ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid sa todhcháil):

- Caithfear ar a laghad ráiteas amháin ó institiúid airgeadais – caithfear ainm na heagraíochta, sonraí na hinstitiúide airgeadais agus iarmhéid deiridh ar an ráiteas/na ráitis a áireamh. Úsáidfear seo le fíorú a dhéanamh ar mhéid do chistiúchán féin atá ar fáil don tionscadal. Ní mór do na ráitis a bheith dátaithe laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais. Más comhiarratas atá ann nó má tá níos mó ná cuntas bainc amháin ag an iarratasóir, is féidir ráiteas a áireamh do gach cuntas. Ní féidir rótharraingt a úsáid mar fhéinchistiú.
- Má áiríonn leibhéal do chistiúchán féin iasacht, caithfidh d’institiúid airgeadais an teimpléad a sholáthraítear in Aguisín 2 a líonadh agus a stampáil – ní féidir rótharraingt a úsáid mar do chistiúchán féin.
- Is féidir le hÚdarás Áitiúla, Boird Oideachais agus Oiliúna agus Coláistí Tríú Leibhéal litir a sholáthar óna n-oifigeach airgeadais/cuntasóir á dheimhniú gur ann don chistiúchán agat féin atá ag teastáil.

Tá sé éigeantach go ndéanfaí uaslódáil ar dhoiciméad amháin ar a laghad a léiríonn do chistiúchán féin.

Leathanach 8 de 14: Sonraí eile maidir le do thionscadal

Meastachán ar thosú agus ar chríochnú an tionscadail

Ba chóir go dtosódh do thionscadal láithreach bonn .i. laistigh de 6 mhí ó aon leithdháileadh deontais a bheith déanta go sealadach. Ba chóir go mbeadh an tionscadal críochnaithe laistigh de 24 mí ó dhéantar an deontas a leithdháileadh, nó mura mbíonn is féidir go ndéanfaí an deontas a aistarraingt gan tuilleadh fógra a thabhairt.

Iarratais ar threalamh amháin

Má chuireann tú tic sa bhosca ar an leathanach seo le tabhairt le fios gur iarratas ar threalamh amháin atá ann, ní dhéanfaidh córas OSCAR eolas agus doiciméadacht tacaíochta ar chead pleanála ná ar theideal a lorg.

Ar an gcuma céanna, má tá iarratas á dhéanamh agat ar oibreacha caipitiúla agus go gcuireann tú tic sa bhosca seo de thaisme, ní dhéanfar na doiciméid éigeantacha maidir le pleanáil agus teideal a lorg ort agus beidh iarratas neamhbhailí déanta agat in éagmais na ndoiciméidí seo.

Cead pleanála

Má bhíonn cead pleanála de dhíth do do thionscadal (nó Cuid 8 i gcás Údaráis Áitiúil) ní mór duit fianaise a bheith agat go bhfuil cead faighte agat nó fianaise go bhfuil tú tar éis cur isteach air. Cibé acu é caithfidh tú uimhir thagartha na pleanála a chur isteach (nó uimhir thagartha Chuid 8 d'Údarás Áitiúil) ar an leathanach seo agus fianaise dhoiciméadach ar an gcead pleanála seo ar leathanach 9 (féach thíos le comhairle a fháil).

Ní mór d'iarratais ar thionscadail chaipitil nach mbíonn gá le Cead Pleanála dóibh teimpléad a líonadh ag an mhaoriseoir teicniúil agus a sholáthar á dheimhniú sin. Is féidir íoslódáil a dhéanamh ar sin ón suíomh gréasáin nó tá sé ar fáil in aguisín 3 den treoir seo.

Nóta ar iarratais ó scoil, BOOanna agus coláistí 3ú leibhéal

Ní féidir le Scoileanna, BOOanna agus Coláistí 3ú Leibhéal cur isteach ar chistiú ach i gcomhpháirt le clubanna spóirt nó grúpaí pobail áitiúla agus ní mór cóipeanna a sholáthar de chomhaontuithe dlíthiúla (m.sh. comhaontú dlíthiúil idir scoil agus club(anna) - téigh chuig do dhlíodóir le tuilleadh eolais a fháil) a cheadódh do chlubanna agus/nó don phobal áitiúil na saoráidí atá beartaithe a úsáid ar feadh 30 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine i gcaitheamh na bliana nuair nach mbíonn sé in úsáid ag an scoil/coláiste/BOO féin. Ar na heilimintí eile a neartódh comhiarratas scoile/club tá comhiarratas scoile/club ar a n-áireofaí comhbhord bainistíochta agus/nó comh-chuntas bainc don saoráid a fhaigheann deontas. Tá treoirlínte maidir lenar cheart a bheith sa chomhaontú ceadúnúcháin leagtha síos in aguisín 4.

Ní mór don eagraíocht ar leo an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR. Chaithfidh tú tic a chuir sa bhosca “ An do scoil/coláiste/ETB an t-iarratas seo?”. Cuirtear sonraí, ainm agus uimhir chláráithe cánach, na n-eagraíochtaí a bhíonn á gcur leis na hiarratais isteach le linn an phróisis iarratais. Ní féidir leat sonraí níos mó ná ceathair eagraíochtaí a sholáthar. Caithfidh gach eagraíocht bheith cláráithe ar OSCAR.

Nóta ar chlubanna/grúpaí pobail ag comhroinnt saoráidí le scoileanna agus grúpaí eile spóirt

Gheobhaidh iarratais ó chlubanna/grúpaí pobail marcanna breise ach a léiriú go mbeadh an saoráid ar fáil do scoileanna nó do ghrúpaí níos leithne spóirt pobail. Caithfear fianaise ar an gcomhroinnt seo a sholáthar i bhfoirm chomhaontuithe fhoirmeálta (m.sh. socruithe faoi cheadúnas sínithe ag na clubanna, scoil agus/nó grúpaí spóirt pobail – le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig do dhlíodóir le do thoil) a cheadaíonn do scoil áitiúil agus/nó grúpaí spóirt pobail na saoráidí a bhíonn beartaithe a úsáid i gcaitheamh na bliana nuair nach mbíonn siad in úsáid ag an gclub féin. Tá treoirlínte maidir lenar cheart a bheith sa chomhaontú ceadúnúcháin leagtha síos in aguisín 4.

Ní mór don eagraíocht ar leo an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR. Chaithfidh tú tic a chuir sa bhosca “ An comhiarratas atá anseo?”. Cuirtear sonraí, ainm agus uimhir chláráithe cánach, na n-eagraíochtaí a bhíonn á gcur leis na hiarratais isteach le linn an phróisis iarratais. Ní féidir leat sonraí níos mó ná ceathair eagraíochtaí a sholáthar. Caithfidh gach eagraíocht bheith cláráithe ar OSCAR.

Má bhíonn comhiarratas á dhéanamh agat le heagraíocht eile ní féidir leat iarratas scartha a dhéanamh faoi d'ainm féin, munar Údarás Áitiúil, Coiste Náisiúnta Rialaithe nó Bord Oideachais agus Oiliúna tú.

Tá gach réimse éigeantach ar an leathanach seo.

Leathanach 9 de 14: Doiciméid phleanála/comhaontuithe ceadúnúcháin

Cead pleanála

Ní mór duit ceann acu seo a leanas a uaslódáil do gach iarratas a áiríonn oibreacha caipitiúla:

- Cóip den chead pleanála d'aon ghné de do thionscadal a éilíonn cead pleanála. Caithfidh Údarás Áitiúla an asbhaint ó mhiontuairiscí churinnithe na comhairle a sholáthar nuair a cuireadh iarratas chuid 8 tríd, nó litir ón rannóg pleanála ag deimhniú faofa ar Chuid 8. **Ní mór don chead pleanála seo a bheith reatha ag am an iarratais.**
- Fianaise ar iarratas reatha ar chead pleanála trí dhoiciméad ó Rannóg Pleanála an Údarás Áitiúil le huimhir thagartha na pleanála (nó uimhir thagartha chuid 8 d'Údarás Áitiúil) nó cóip den iarratas pleanála, (le stampa ó Rannóg Pleanála an Údarás Áitiúil agus le huimhir thagartha na pleanála) d'aon ghné de do thionscadal a éilíonn cead pleanála.
- An teimpléad críochnaithe le deimhniú nach bhfuil gá ag do thionscadal le cead pleanála (is féidir íoslódáil a dhéanamh ar seo ar an leathanach seo den suíomh gréasáin nó is féidir é a chóipeáil ó Aguisín 3 den treoir seo).

Má bhíonn aon oibreacha caipitiúla i gceist le d'iarratas ní mór duit uaslódáil a dhéanamh ar cheann de na doiciméid seo.

Fianaise ar chomhroinnt saoráidí – éigeantach d'iarratais ó scoil, BOO & coláiste tríú leibhéal agus d'iarratais chomhphárteacha idir chlubanna

Déan uaslódáil ar chóip nó ar chóipeanna den chomhaontú dlíthiúil foirmeálta (m.sh. comhaontú ceadúnúcháin idir scoil agus club(anna) - téigh chuig do dhlíodóir le tuilleadh eolais a fháil le do thoil) a cheadódh do chlubanna agus/nó don phobal áitiúil na saoráidí agat a úsáid ar feadh 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i gcaitheamh na bliana. Tá treoirínte maidir lenar cheart a bheith sa chomhaontú ceadúnúcháin leagtha síos in aguisín 4.

Má chuir tú tic, ar an leathanach roimhe seo, i gceachtar de na boscaí marcáilte: "is iarratas ó scoil/BOO/coláiste atá anseo" nó " cuir tic sa bhosca seo más iarratas comhphárteach atá ann nó más mian leat marcanna breise a fháil as saoráidí a chomhroinnt" ní mór duit uaslódáil a dhéanamh ar chomhaontú ceadúnúcháin amháin ar a laghad anseo.

Leathanach 10 de 14: Cé na háiseanna atá agaibhar an láithreán seo agus nó ar láithreáin eile faoi láthair?

Bain úsáid as an leathanach seo d'fhonn an Roinn a chur ar an eolas maidir leis na saoráidí atá agat faoi láthair. Tabhair sonraí iomlána ar gach saoráid spóirt atá ag d'eagraíocht ar an láthair seo nó ag láithreacha eile le do thoil. Ba chóir go n-áireofaí ar an liosta sonraí mar líon na seomraí feistis agus líon na bpáirceanna imeartha.

Úsáid an cnaipe “add” le sonraí a chur isteach ar gach cineál saoráide atá agat. Mar shampla, dhéanfadh club le 3 pháirc imeartha féir, ceann le tuilsoilsiú agus 3 sheomra feistis 3 líne a chur isteach:

Cineál	Uimhir
Páirceanna imeartha féir nádúrtha	3
Tuilsoilsiú	1
Seomraí feistis	3

Níl aon cheann de na réimsí ar an leathanach seo éigeantacha.

Leathanach 11 de 14: Úinéireacht an láithreáin

Úsáid an leathanach seo d'fhonn sinn a chur ar an eolas maidir le húnéireacht an láithreáin ar a bhfuil sé ar intinn agat do thionscadal a fhorbairt.

Más iarratas ar threalamh spóirt amháin atá á dhéanamh agat

Ní gá duit aon fhianaise ar theideal a sholáthar. Ina ionad sin, má éiríonn leis an iarratas agat, beidh ar d'eagraíocht dearbhú a shíniú ag tiomnú na heagraíochta an trealamh a choimeád in úsáid spóirt ar feadh cúig bliana ar a laghad.

Más leat an talamh nó má tá léas fada agat

Más leat an talamh nó má tá léas agat uirthi le 15 bliana ar a laghad fágtha air ag staid an iarratais, agus go bhfuil do theideal cláraithe i gClárlann na Talún, is féidir leat cur isteach ar chistiú suas le €200,000 ar oibreacha caipitiúla.

Má bhíonn an léas atá cláraithe níos lú ná 15 bliana ach níos mó ná 5 bliana ní féidir leat ach cur isteach ar dheontas caipitil de €25,000 ar a mhéid. Is féidir le do dhlíodóir comhairle a chur ort ar cheisteanna teidil.

Murar leat an talamh nó mura bhfuil léas fada agat

Murar leat an talamh nó mura bhfuil léas 15 bliana agat ar a laghad ní féidir leat cur isteach ach ar uasmhéid de €25,000 i dtreo na n-oibreacha caipitiúla agus/nó trealamh spóirt. Mar sin féin, má fuair tú deontas caipitil i 2012 nó i 2014 i dtreo an láithreáin seo, is é uasmhéid na ndeontas i dteannta a chéile idir an dá chlár ná €25,000.

Leathanach 12 de 14: Fianaise ar theideal nó rochtain ar an láithreán

Úsáid an leathanach seo le huaslódáil a dhéanamh ar dhoiciméad a léiríonn go bhfuil ceart agat saoráidí a fhorbairt ar an láithreán seo agus go bhfanfaidh aon tionscadal a fhaigheann cúnamh deontais i úsáid spóirt.

Murar leat an talamh nó mura bhfuil léas fada agat atá cláraithe

Murar leat do láthair féin nó mura bhfuil léas fada cláraithe agat le 15 bliana ar a laghad fágtha air ag staid an iarratais ní féidir leat ach cur isteach ar dheontas caipitil de €25,000 nó níos lú. Sa chás seo is gá d'úinéir na talún an teimpléad a sholáthraítear ag aguisín 5 a líonadh isteach (is féidir íoslódáil a dhéanamh ar seo freisin ón suíomh) á dheimhniú nach bhfuil sé ar intinn aige/aici an saoráid a thógáil ó d'eagraíocht go ceann 5 bliana ar a laghad. Ní mór duit an doiciméad líonta a scannadh agus a uaslódáil ar an suíomh gréasáin. Mar sin féin, má fuair tú deontas caipitil i 2012 nó i 2014 i dtreo an láithreáin seo, is é uasmhéid na ndeontas i dteannta a chéile idir na trí chlár ná €25,000.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh freisin ar threalamh spóirt agus ní gá duit aon fhianaise ar theideal a sholáthar chuige seo.

Más leat an talamh nó má tá léas fada agat

Is gá don dlíodóir agat an teimpléad a sholáthraítear in aguisín 6 a líonadh agus a shíniú (is féidir íoslódáil a dhéanamh ar seo ón suíomh gréasáin) á dheimhniú go bhfuil sé/sí ag feidhmiú thar do cheann agus á rá seo a leanas:

1. Gur leat an láithreán don saoráid atá beartaithe nó go bhfuil léas agat air.
2. Más léas atá mar theideal agat, is gá go mbeadh ar a laghad 15 bliana fágtha air (má bhíonn an léas a bhíonn cláraithe níos lú ná 15 bliana ach níos mó ná 5 bliana ní féidir leat ach cur isteach ar dheontas caipitil de €25,000 ar a mhéid).
3. Go bhfuil an léas nó ruilse cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) - Clárlanna na Talún nó Clárlann na nGníomhas.
4. Má táthar ag feitheamh ar chlárú i Rannóg Chlárlann na Talún den ÚCM caithfear Uimhir Dhéileála ón ÚCM a áireamh.
5. Go bhfuil an teideal in ann muirear dlíthiúil a sheasamh.

Caithfear gach ceist a fhreagairt. Ní mór duit an doiciméad líonta a scannadh agus a uaslódáil ar an suíomh gréasáin.

Más le hÚdarás Áitiúil an talamh ar a bhfuil an saoráid a bhíonn beartaithe le bheith suite agus nach mbíonn léas agat a bhíonn cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine ní féidir leat ach iarratas a dhéanamh i gcomhpháirt leis an Údarás Áitiúil a bhfuil teideal acu ar an talamh.

Mura bhfuil iarratas á dhéanamh agar ar threalamh amháin is gá duit uaslódáil a dhéanamh ar fhianaise ar theideal nó ar fhianaise ar rochtain leanúnach ar an láithreán. Sa dá chás is GÁ duit an teimpléad iomchuí a sholáthraítear a úsáid.

Leathanach 13 de 14: Sonraí maidir le húsáid

Nuair is féidir é ba chóir duit a leagadh síos conas atá sé ar intinn agat grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a mhealladh chuig na saoráidí atá agat nó atá beartaithe agat. Is féidir go n-áireofaí ar a leithéid de thionscnaimh rochtain a thairiscint ar chostas níos ísle do dhaoine dífhostaithe nó do phinsinéirí. An bhfuil aon ghrúpaí i do cheantar nach mbíonn rannpháirteach i spórt? Cad a dhéanfaidh tú le grúpaí mar iad a mhealladh le do shaoráidí a úsáid?

Tá gach ceann de na réimsí ar an leathanach seo éigeantacha.

Leathanach 14 de 14: Glacadh le téarmaí agus coinníollacha

Ar an leathanach seo is gá duit tic a chur sa bhosca go nglacann tú le téarmaí agus coinníollacha an Chláir.

D'fhonn iarratas a dhéanamh is gá duit "save and submit" ar an leathanach seo a bhrú. Mura gcuireann tú an t-iarratas isteach ní chuirfear san áireamh é.

Nuair a bhíonn d'iarratas curtha isteach agat moltar go láidir duit cóip den leathanach iarratas ar Dheontas Curtha Isteach a shábháil agus/nó a chló a bheidh mar fhianaise ar an iarratas a bheith déanta agat. B'fhéidir go mbeadh an litir seo ag teastáil uait mar fhianaise ar d'iarratas a dhéanamh.

Is é an sprioc-am d'iarratais ná 5pm ar an Aoine 24 Aibreán 2015

Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar iarratas, ná cur leis, a luaithe agus a chuirtear isteach é.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Is féidir le duine ar bith den phobal rochtain a lorg ar na taifid atá ag Ranna Rialtais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, is féidir linn sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh, ar iarratas, le tríú páirtithe. Má tá aon fhaisnéis in bhur n-iarratas atá íogair, déan teagmháil linn go neamhspleách le do thoil, agus mínigh cén fáth nár cheart í a nochtadh do dhaoine eile. Má iarrtar aon fhaisnéis íogair orainn, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéanfaimid cinneadh faoi. Mar sin féin, mura gcuireann tú in iúl go bhfuil íogaireacht ag baint le faisnéis ar bith agus go dtugann tú cúiseanna mar thacaíocht leis sin, déanfaimid í a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

Séanadh

Ní bheidh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chailteanas, damáiste ná costais de chineál ar bith ag eascairt go díreach nó go hindíreach ón iarratas nó a mbíonn ann nó as ár ndíoltú don iarratas ar chúis ar bith.

Ní bheidh an Roinn, ná a cuid seirbhíseach nó a gníomhairí freagrach tráth ar bith ar chúinse ar bith as aon ní a bhaineann le forbairt, pleanáil, tógáil, feidhmiú, bainistiú agus / nó riaradh tionscadail indibhidiúla ná aon ní a bhaineann le páirtíocaíocht ag an Roinn as sonraisc a chuireann deontáí isteach. .

Ráiteas iarratasóra thar ceann eagraíochta

Deimhním/deimhnímid go bhfuil an Treoir agus na critéir maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil Spóirt 2015 léite agus tuigthe againn agus go bhfuiltear ag aontú déanamh go hiomlán de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha. Tuigim/tuigimid gur chinntí deiridh iad na cinntí a dhéantar ar iarratais agus ar leithdháiltí.

Deimhním/deimhnímid go bhfuil gach eolas a thugtar san iarratas seo agus gach eolas a thugtar i ngach doiciméad tacaíochta fíor agus cruinn agus go nglacaim/go nglacaimid leis má fhaightear amach go mbíonn aon eolas thugtar bréige nó míthreorach gur féidir leis an Roinn deontais a thógáil ar ais, a éileamh go ndéantar aisíoc ar an deontas uile nó ar chuid de agus/nó cosc a chur ar iarratais ón eagraíocht sin ar feadh tréimhse. Tuigim freisin gur féidir leis an Roinn An Garda Síochána a chur ar an eolas.

Aontaím/aontaímid ó dháta an deontais, nach séanfaidh mé /séanfaimid rochtain ar aon saoráid ná ar chuid de shaoráid ar a mbíonn deontas faighte againn, ar aon duine ar fhorais ghnéis, reiligiúin, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, gnéaschlaonadh, creideamh, nó ballraíocht den Lucht Taistil gan chúis chóir, réasúnta agus cuí.

Aontaím/aontaímid gur féidir aistarraingt a dhéanamh ar aon leithdháileadh deontais a dhéantar maidir leis an iarratas seo mura ndéanann an deonaí dul chun cinn imleor ar an deontas a tharraingt anuas faoi mar a bhíonn leagtha síos in aon litir leithdháilte.

Aguisín 1: Coistí Náisiúnta Rialaithe aitheanta ag Comhairle Spóirt na hÉireann

Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann	Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na
Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann	Cumann Treodóireachta na hÉireann
Cumann Badminton na hÉireann	Cumann Rugbaí na hÉireann
Cumann Cispheile na hÉireann	Cumann Seoltóireachta na hÉireann
Cumann Spóirt Casta Baitín na hÉireann	Cónaidhm Scuaise na hÉireann
Cumann na hÉireann Bol	Cumann Surfála na hÉireann
Léig Bhabhála na hÉireann	Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann
Cumann Camógaíochta na hÉireann	Aontas Taekwondo na hÉireann
Aontas Canúála na hÉireann	Cumann Babhlála Deich bPionna na
Sport Phairilis Cheirbreach Éireann	Cumann Tarraingte Téide na hÉireann
Cruicéad Éireann	Comhairle Fo-Thuinn
Cumann Cróice na hÉireann	Cónaidhm Waterski & Wakeboard na
Rothaíocht Éireann	Sport Chumann Cathaoireacha Rothaí na
Cumann Peile na hÉireann	Cumann Peile na mBan
CLG	Gluaisrothaíocht Éireann
Liathróid Láimhe na hÉireann CLG	Raonrasaíocht Éireann
Aontas Gailf na hÉireann	Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann
Cumann Gleacaíochta na hÉireann	Na Cluichí Náisiúnta Pobail
Eachspóirt Éireann	ONAKAI
Cumann Lucht Caite Crú Capaill na hÉireann	Cumann Gailf Dhá Mhaide na hÉireann
Cumann Boghdóireachta Amaitéireach na	Cumann Liathróide Raicéid na hÉireann
Cumann Dornálaíochta Amaitéaraí na	Cumann Billéardaí & Snúcair Phoblacht na
Cumann Coraíocht Amaitéarach na hÉireann	Rámhaíocht Éireann
Cumann Peile Meiriceánach na hÉireann	Rugbaí Sraithe na hÉireann
Caochspóirt na hÉireann	Cumann Spóirt Lámhaigh na hÉireann
Cumann Lámhach Créphlátaí na hÉireann	Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann
Sport Bhodhar na hÉireann	Cumann Uimheadóireachta na hÉireann
Cumann Pionsóireachta na hÉireann	Cumann Snámha na hÉireann
Cumann Haca na hÉireann	Cumann Leadóige na hÉireann
Cumann Júdó na hÉireann	Trí-atlan Éireann
Aontas Gailf Ban na hÉireann	Cumann Eitphile na hÉireann
Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann	Tógáil Meáchan Éireann

Aguisín 2: Teimpléad tairisceana iasachta

Tá an fhoirm seo le comhlánú agus le stampáil ag d'institiúid airgeadais. Ní féidir rótharraingt a úsáid mar fhéinchistiú.

Ainm an chlub/na heagraíochta	
Cé mhéid atá san iasacht?	
Cad chuige an iasacht seo?	
An bhfuil aon iasachtaí eile gan íoc ag aan gclub ón institiúid airgeadais seo?	
Cad é téarma an iasachta molta?	
Cé na haisíocaíochtaí míosúla?	
An bhfuil an iasacht faofa ar fad nó faofa i bprionsabal?	
Cathair a bheidh an iasacht ar fáil le tarraingt anuas?	
An éilíonn an iasacht aon urrús agus má dhéanann abair cén cineál urrúis atá i gceist?	

Priontáil an t-ainm le do thoil

Síniú

Teideal Poist



Stampa na hInstitiúide Airgeadais

Dáta: _____

(Ní mór é a bheith laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais)

Aguisín 3: Bíonn an teimpléad le críochnú nuair nach mbíonn gá le cead pleanála

Caithfear é a chríochnú ar pháipéar ceanteidil Mhaoirseora Theicniúil²/Rannóg Pleanála Údaráis Áitiúil agus/nó a stampa oifigiúil a bheith air

Ainm na hEagraíochta _____

Seoladh na hEagraíochta _____

Sonraí an tionscadail _____

Seoladh láithreáin an tionscadail _____

Le críochnú ag do mhaoirseoir teicniúil nó ag rannóg pleanála Údaráis Áitiúil amháin

Deimhním nach n-éilíonn an tionscadal thuasluaite nó cuid den tionscadal cead pleanála.

Síniú _____

Ainm _____ (Bloclitreacha)

Post _____

Cáilíocht Ábhartha _____

Dáta _____ (Ní mór é a bheith laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais)

² Inniúlacht ghairmiúil i gcúrsaí pleanála, ailtire, innealtóir sibhialta nó comhairleoir pleanála de ghnáth

Aguisín 4: Eolas ar ullmhú an chomhaontaithe ceadúnúcháin idir pháirtithe le hiarratais i gcomhpháirt faoin gClár Caipitil Spóirt

Tabhair faoi deara le do thoil:

Téigh chuig do dhlíodóir le comhairle a fháil ar chomhaontú ceadúnúcháin oiriúnach a chur le chéile. Tá freagracht ar an iarratasóir treoir a thabhairt dá ndlíodóirí agus a chinntiú go mbíonn aon chomhaontú dlíthiúil a dhéantar oiriúnach dá gcúinsí indibhidiúla. Is chun críche faisnéise amháin an t-eolas thíos agus ní hionann é agus comhairle dlíthiúil ar conas ba chóir comhaontuithe dlíthiúla a chur le chéile agus ní bheidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freagrach don iarratasóir ná aon pháirtí eile as aon chaillteanas, damáiste ná costais de chineál ar bith ag eascairt go díreach nó go hindíreach as an eolas atá sa doiciméad seo.

Ní féidir le scoileanna, coláistí tríú leibhéal agus BOOanna cur isteach ar chistiú ach i gcomhpháirt le clubanna spóirt nó grúpaí pobail áitiúla.

Is féidir le clubanna spóirt nó le grúpaí pobail iarratais a dhéanamh i gcomhpháirt freisin agus is féidir marcanna breise a fháil ach a léiriú go mbeadh an saoráid ar fáil do scoileanna nó do ghrúpaí níos leithne spóirt pobail.

Ní mór do gach iarratas i gcomhpháirt – ar a n-áirítear iarratais idir chlubanna spóirt agus grúpaí pobail éagsúla agus idir chlubanna/grúpaí agus scoileanna/coláistí/BOOanna – fianaise a sholáthar ar chomhroinnt saoráidí i bhfoirm chomhaontuithe fhoirmeálta cheadúnúcháin sínithe ag clubanna, scoil agus/nó grúpaí spóirt pobail eile a cheadóidh do pháirtithe an iarratais na saoráidí a bhíonn beartaithe a úsáid i gcaitheamh na bliana nuair nach mbíonn siad in úsáid ag na hiarratasóirí féin.

Eilimintí den chomhaontú ceadúnúcháin

Cé go mbaineann foclaíocht chruinn aon chomhaontú ceadúnúcháin leis na hiarratasóirí i gcomhpháirt agus a ndlíodóirí faoi seach, beidh an Roinn ag seiceáil go mbíonn an t-eolas seo a leanas áirithe sna comhaontuithe ceadúnúcháin:

- Ainm agus/nó seoladh na saoráide/na saoráide atá beartaithe atá le comhroinnt
- Ainmneacha na ngrúpaí atá bainteach leis an gcomhaontú – ar a n-áirítear síniú ionadaí ó gach grúpa acu
- Freagrachtaí gach páirtí sa chomhaontú mar shampla: árachas, árachas dlíteanais, cothabháil, glanadh
- Sonraí maidir le hamanna ar bith a mbeadh an saoráid ar fáil do gach páirtí agus aon socruithe rochtana
- An tréimhse ina mbeadh éifeacht leis an gceadúnas - neamhshonraithe nó ar feadh 15 bliana ar a laghad
- Aon teorainneacha leis na feidhmeanna a bhaineann le húsáid na saoráide

- Aon socruithe bainistíochta i gcomhpháirt – boird bhainistíochta, ranníocaíochtaí airgeadais agus aon chomhchuntas bainc
- Aon socruithe maidir le táillí/cistiú d'úsáid na saoráidí – ar a n-áirítear cé shocraíonn na táillí nó an cíós agus cé íocann iad
- Aon socruithe réitithe díospóide nó clásal forghéillte

Aguisín 5: Teimpléad don tiarna talún le rochtain leanúnach ar an láthair/réadmhaoin a dheimhniú – do leithdháiltí caipitil de €25,000 nó níos lú amháin

LITIR DHEIMHNITHE AGUS CHOMHAONTAITHE MAIDIR LE HÚSÁID RÉADMHAOINE A BHAINNEANN LE HIARRATAS AR DHEONTAS Ó NA HÁITITHEOIRÍ FAOIN GCLÁR CAIPITIL SPÓIRT

Gan úsáid a bhaint as ach d'iarratais ar chistiú caipitil de €25,000 nó níos lú nuair nach leis an iarratasóir an talamh nó nach mbíonn léas fada i gceist – féach leathanaigh 12-16 sa treoir maidir le hiarratas a dhéanamh le sonraí a fháil

Ainm an Chlub/na hEagraíochta:

Seoladh na saoráide:

Deimhním/deimhnímid _____ (cuir isteach ainm iomlán úinéara dlíthiúil na réadmhaoine/na saoráide):

1. Is liom/linn, atá ag feidhmiú mar _____ (abair cén údarás atá ag an té a shínigh an comhaontú seo le feidhmiú m.sh. úinéir, stiúrthóir na cuideachta atá mar úinéir, iontaobhaí atá ag sealbhú na réadmhaoine ar iontaobhas etc.) an láithreán/saoráid thuas.
2. Tá an láithreán/saoráid áitithe ag an gclub/eagraíocht thuasluaite ó (cuir bliain isteach) _____ agus úsáideann an eagraíocht an saoráid seo ar bhonn _____ (abair cén bonn atá le háitíocht an chlub/na heagraíochta sa réadmhaoin m.sh. léas, socrú miondíola, ceadúnas, socrú neamhfhoirmeálta) agus tá sé ar fáil don eagraíocht sin ar bhonn leanúnach de réir a riachtanais.
3. Tuigim/tuigimid go bhfuil iarratas á dhéanamh ag an eagraíocht ar dheontas de €25,000 nó níos lú (faoin gClár Caipitil Spóirt) le forbairt a dhéanamh ar an láithreán/saoráid agus go bhfuil aontaithe agam/againn ar na hoibreacha/an fhorbairt atá beartaithe
4. Faoi láthair níl sé ar intinn agam/againn an láithreán/saoráid seo a dhíol, a fhorbairt ná athrú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad ón dáta ar a n-íoctar aon leithdháileadh mar thoradh ar an iarratas ar dheontas
5. Faoi láthair níl sé ar intinn agam/againn urchosc, díshealbhú a dhéanamh ná teorainn seachas sin a chur ar rochtain an chlub/na heagraíochta ar an láithreán/saoráid ar feadh tréimshé 5 bliana ar a laghad

6. Sa chás go n-éiríonn an club/eagraíocht thuas as an láithreán/saoráid a úsáid chun críche spóirt go ndéanfaidh mé/go ndéanfaimid iarrachtaí³ réasúnta club/eagraíocht spóirt eile a aimsiú a fheidhmeodh an saoráid don chuid eile den tréimhse 5 bliana a ndéantar tagairt dó ag 4 thuas.
7. Mura mbíonn iarrachtaí réasúnta déanta agam/againn malairt úsáideora oiriúnach a aimsiú don láithreán/saoráid go ndéanfar aon luach nach bhfuil caite den deontas faoi mar a shocraíonn an Roinn é a aisíoc leis an Roinn. Déanfar amach cad é an luach nach bhfuil caite den deontas trí dhíscríobh barúlach a dheánamh ar 1/5ú den deontas iomlán do gach bliain a críochnaíodh ón dáta ar ar déanadh an deontas a tharraingt anars.

Sínithe: _____ Finné: _____

Ainm: _____ Ainm: _____

Seoladh: _____ Seoladh: _____

Dáta: - _____

(Ní mór é a bheith laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais)

³ Déanann an Roinn sainmhíniú ar “iarrachtaí réasúnta” mar fhógraíocht a dhéanamh ar an láithreán/saoráid a bheith ar fáil ar bhonn bliantúil don chuid sin den tréimhse 5 bliana nach bhfuil caite agus iarracht a dhéanamh club/eagraíocht eile a aimsiú ina ionad a bhainfeadh úsáid as an saoráid a fuair cúnamh deontais chun críche spóirt don tréimhse sin.

Aguisín 6: Teimpléad le riachtanais teidil an Chláir Caipitil Spóirt a shásamh

Caithfear é a phriontáil, caithfear gach ceist a fhreagairt agus caithfear é a shíniú, a dhátú agus stampa oifigiúil do dhlíodóra a bheith air

Tabhair faoi deara le do thoil:

Is gá do gach iarratasóir a dhéanann iarratas ar chistiú caipitil a bhfuil teideal acu ar a réadmhaoin (.i. a shásaíonn riachtanais an teimpléid seo agus nach bhfuil iarratas á dhéanamh ar threalamh spóirt amháin) an teimpléad seo a sholáthar críochnaithe is cuma cé mhéid cistiúcháin a bhíonn á lorg. **Caithfear gach ceist a fhreagairt.**

Murar leis an iarratasóir a láthair féin nó mura bhfuil léas fada cláraithe aige/aici le 15 bliana ar a laghad fágtha air ag staid an iarratais ní féidir leis/léi ach cur isteach ar dheontas caipitil de €25,000 nó níos lú. Sa dara cás acu seo is gá d'úinéir na talún/foirgneamh an teimpléad in aguisín 5 a líonadh (ar fáil le híoslódáil ar an suíomh) á rá nach bhfuil sé ar intinn aige/aici an saoráid a bhaint den eagraíocht ar feadh tréimhse nach lú ná 5 bliana.

Ní ghlacfar le haon fhianaise eile ar theideal mar ghníomhais, léasanna nó fóilió a

1. **Ainm na heagraíochta:** _____
2. **Cén teideal atá ag an eagraíocht thuas ar láthair na forbartha atá beartaithe?**
 Ruílse Léasacht
 Más léasacht atá ann ansin:
 (i) Líon na mblianta ar bhuntéarmaí an léasa: _____
 (ii) Líon na mblianta atá fanta ar an léas⁴: _____
3. **An bhfuil an teideal seo cláraithe i rannóg Chlárlann na Talún den Údarás Clárúcháin Maoine?**⁵

⁴ Muar mbíonn 15 bliana ar a laghad fágtha ar an léas ní féidir leis an eagraíocht ach iarratas a dhéanamh do threalamh spóirt nó tionscadal caipitil de €25,000 nó níos lú agus sa chás sin is gá don tiarna talún aguisín 5 a líonadh.

⁵ Má socraíodh an léas roimh 2006, caithfear clárú leis an Údarás Clárúcháin Maoine a chríochnú sara ndéantar an iarratas seo ar dheontas.

Tá Níl

Má tá tú ag feitheamh ar chlárú i gClárlann na Talún an Údaráis Clárúcháin Maoine cuir an uimhir dhéileála isteach anseo _____

An bhfuil an teideal seo cláraithe i rannóg Chlárlann na nGníomhas den Údarás Clárúcháin Maoine (caithfear clárú a chríochnú sara ndéantar iarratas)?

Tá Níl

4. An bhfuil an teideal in ann muirear dlíthiúil a sheasamh?

Tá Níl

5. An bhfuil Gníomhas Cúnaint agus Táille ann ó dheontais roimhe seo?

Tá Níl

Dáta an mhuirir: _____

Más ea, an bhfuil an Gníomhas seo cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, más infheidhme)?

Tá Níl

Tá na rannóga ar úinéireacht láithreáin léite agam sa treoird maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil Spóirt 2015

Ainm an Dlíodóra: _____

Seoladh an Dlíodóra: _____

Síniú an Dlíodóra: _____

Dáta: _____

(Ní mór é a bheith laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais)

Stampa an Dlíodóra:

